# Vóta 25 Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 25, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011 ar thuarastail agus ar speansais Oifig an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, lena n-áirítear deontais d'údaráis áitiúla, deontais agus speansais eile maidir le tithíocht, seirbhísí uisce, scéimeanna ilghnéitheacha, fóirdheontais agus deontais.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2011, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Is cuid den Chuntas seo é an Ráiteas ar Bheartais agus ar Phrionsabail Cuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 6.

**Ráiteas ar Bheartais agus ar Phrionsabail Cuntasaíochta**

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha cuntasaíochta maidir le Cuntais Leithreasa a sholáthar chun feidhme agus an Cuntas á ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

***Ceangaltais Chaipitil Ilbhliantúla***

Tugtar tuairisc ar cheangaltais chaipitil atá Infhorghníomhaithe le dlí ag tairseach €12.697 milliún (F7/9/92).

***Sócmhainní Caipitil***

Déantar foirgnimh áirithe a dhímheas ag 5% in aghaidh na bliana agus ní dhéantar na foirgnimh eile ná talamh a dhímheas. Déanfar athbhreithniú ar an ní deireanach acu seo gach 5 bliana tar éis sainchomhairliúcháin le hOifig na nOibreacha Poiblí agus déanfar iad a athluacháil nuair a mheastar sin a bheith riachtanach. Déantar mótarfheithiclí a dhímheas ag 20% in aghaidh na bliana thar 5 bliana, déantar gléasra agus innealra a dhímheas ag 10% in aghaidh na bliana thar 10 mbliana agus déantar trealamh radair a dhímheas thar 15 bliana. Déantar trealamh leictreonach vótála a dhímheas ag 5% in aghaidh na bliana thar 20 bliain.

Déantar sócmhainní caipitil a dhímheas de réir mhéid chothroim thar a saolré ionchais measta ag tosú sa bhliain ina gcuirtear an tsócmhainn i bhfeidhm.

***Aistriú Feidhmeanna***

Ullmhaíodh an cuntas de réir na Meastachán Athbhreithnithe do Sheirbhísí Poiblí 2011; cuireadh athrú theideal na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil go dtí an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, san áireamh, le héifeacht ón 2 Bealtaine 2011 (I.R. Uimh. 193 de 2011), chomh maith le haistriú na bhfeidhmeanna seo a leanas:

• aistriú feidhmeanna pobail ón Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta chuig an Roinn seo, le héifeacht ón 1 Bealtaine 2011 (I.R. Uimh. 196 de 2011); agus

• aistriú feidhmeanna oidhreachta ón Roinn seo chuig an Roinn Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt (athraíodh an teideal go dtí an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta an 2 Bealtaine 2011), le héifeacht ón 1 Bealtaine 2011 (I.R. Uimh. 192 de 2011).

De réir socruithe cuntasaíochta arna leagan amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, cuireann na Meastacháin Athbhreithnithe do 2011 an t-athrú Oidhreachta ar fheidhmeanna Roinne in iúl ar bhonn bliain iomlán. Léirítear sa Chuntas Leithreasa freisin, nach mór dó foirm agus leagan amach an mheastacháin ábhartha a leanúint, an t-athrú oidhreachta ar fheidhmeanna ar bhonn bliain iomlán. Dá bhrí sin, cuirtear an caiteachas agus an t-ioncam uile a bhaineann le cúrsaí oidhreachta don bhliain 2011 san áireamh sa Chuntas Leithreasa don Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta (Vóta 35).

**Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais**

Mar aon leis an gCuntas, tá ráiteas san fhormáid chaighdeánach curtha isteach agam maidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais atá i bhfeidhm sa Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

**Geraldine Tallon**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil
29 Márta 2012

# Deimhniú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá Cuntas Leithreasa an Vóta 25: Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil le haghaidh 2011 iniúchta agam faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an Cuntas de réir an Ráiteas ar Bheartais agus Phriosabail Chuntasaíochta. Tá dualgais an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis na Cuntais Leithghabhála, agus bunús tuairime an iniúchta, leagtha amach i gCuid 1 den imleabhar seo.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críocha m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chearta chuntas coinnithe ag Oifig an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna leabhair chuntais.

Is é mo thuairim, go dtugann an Cuntas Leithreasa léargas ceart ar fháltais agus ar chaiteachas an Vóta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2011.

Tagraíonn caibidlí 16, 26 agus 27 de mo thuarascáil faoi chuntas na seirbhísí poiblí do 2011 do nithe áirithe a bhaineann le Vóta 25 ar mheas mé é a bheith oiriúnach tuairisc a thabhairt fúthu de réir Ailt 3 (10) den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
11 Méan Fomhair 2012

# Vóta 25 Comhshaol, Pobal agus Rialtais Áitiúil
# Cuntas Leithreasa 2011

| Seirbhís | | 2011 Soláthar measta | 2011 Toradh | 2010 Toradh |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Riarachán** | | | | |
| A.1. Tuarastail, pánna agus liúntais | | 51,574 | 51,073 | 65,100 |
| A.2. Taisteal agus cothú | | 1,613 | 1,275 | 2,001 |
| A.3. Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | | 1,664 | 974 | 1,310 |
| A.4. Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | 1,311 | 1,176 | 1,455 |
| A.5. Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | | 9,704 | 6,845 | 8,369 |
| A.6. Speansais áitreabh oifige | | 1,033 | 732 | 1,228 |
| A.7. Seirbhísí comhairliúcháin agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar bheartais | | 349 | 99 | 140 |
| **Tithíocht** | | | | |
| B.1. Soláthar agus tacaíocht do thithíocht shóisialta (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | | | | |
| *Bunúil* | 531,325 | | | |
| *Forlíontach* | (9,999) | 521,326 | 490,009 | 780,930 |
| B.2. Oibreacha deisiúcháin agus athbheochan eastáit an údaráis áitiúil | | 203,700 | 182,177 | 194,910 |
| B.3. Oiriúnú tithe príobháideacha – deontais agus tacaíochtaí eile (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | | 70,505 | 70,200 | 89,440 |
| **Seirbhísí Uisce** | | | | |
| C.1. Clár infheistíochta seirbhísí uisce | | 435,000 | 428,964 | 495,000 |
| **Comhshaol** | | | | |
| D.1. An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil | | 19,796 | 19,353 | 27,094 |
| D.2. Beartas Comhshaoil Radaíochta | | 3,323 | 3,398 | 4,570 |
| D.3. Suibscríbhinní le heagraíochtaí idirnáisiúnta | | 4,110 | 4,108 | 4,122 |
| D.4. An Ciste Carbóin | | 4,200 | 4,140 | 36,146 |
| D.5. Ceangaltais idirnáisiúnta ar athrú aeráide | | | | |
| *Bunúil* | — | | | |
| *Forlíontach* | 10,000 | 10,000 | 10,000 | 23,000 |
| **Bainistíocht Dramhaíola** | | | | |
| E.1. Seirbhísí athchúrsála | | — | — | — |
| E.2. Leigheas líonadh talún | | 1,000 | 1,001 | 3,526 |

| Seirbhís | | 2011 Soláthar measta | 2011 Toradh | 2010 Toradh |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Rialtas Áitiúil** | | | | |
| F.1. An Ciste Rialtais Áitiúil | | 164,000 | 175,000 | 241,403 |
| F.2. Seirbhísí dóiteáin agus éigeandála | | 12,130 | 13,130 | 19,949 |
| F.3. Seirbhís leabharlainne agus cartlainne an Údaráis Áitiúil | | 7,600 | 7,582 | 8,832 |
| F.4. Cuimsiú sóisialta agus pobail | | 2,989 | 3,399 | 5,568 |
| F.5. Seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas | | — | — | 7,615 |
| F.6. Míbhuntáiste sóisialta agus geilleagrach (Ciste na gCuntas Díomhaoin) | | 282 | — | 719 |
| **Tacú le Pobail** | | | | |
| G.1. Tacaíochtaí don earnáil phobail agus dheonach (páirtmhaoinithe ag gCrannchur Náisiúnta) | | 6,486 | 6,490 | — |
| G.2. Cláir forbartha áitiúla agus pobail (páirtmhaoinithe ag gCrannchur Náisiúnta) | | 34,308 | 33,469 | — |
| G.3. RAPID | | 2,458 | 1,563 | — |
| G.4. Bearta na gcuntas díomhaoin | | 1,943 | 1,639 | — |
| **Pleanáil** | | | | |
| H.1. An Bord Pleanála | | 12,829 | 13,724 | 13,565 |
| H.2. An Binse Pleanála | | 3,470 | 4,137 | 3,281 |
| H.3. Comórtas na mBailte Slachtmhara | | 1 | 1 | 289 |
| H.4. Pleanáil agus forbairt, srl. | | 150 | 180 | 236 |
| H.5. Imeall trá | | 1,400 | 416 | 833 |
| **Forbairt Tuaithe** | | | | |
| I.1. Coimisiún Forbartha an Iarthair | | 660 | 563 | — |
| I.2. Scéimeanna Náisiúnta forbartha tuaithe | | 2,987 | 2,985 | — |
| I.3. LEADER – Fochlár geilleagar tuaithe 2007-2013 | | 53,072 | 38,610 | — |
| **Seirbhísí Eile** | | | | |
| J.1. Sábháilteacht Uisce na hÉireann | | 512 | 512 | 539 |
| J.2. Seirbhísí ilghnéitheacha | | 14,212 | 17,818 | 16,199 |
| ***Oidhreacht*** | | | | |
| — *Deontas don Chomhairle Oidhreachta (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta)* | | — | — | *8,482* |
| — *Oidhreacht thógtha* | | — | — | *15,502* |
| — *Oidhreacht nádúrtha (an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra)* | | — | — | *26,908* |
| — *Iontaobhas Oidhreachta na hÉireann* | | — | — | *436* |

| Seirbhís | | | 2011 Soláthar measta | 2011 Toradh | 2010 Toradh |
|---|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| | **Ollchaiteachas** | | | | |
| | *Bunúil* | 1,661,696 | | | |
| | *Forlíontach* | 1 | | | |
| | | | 1,661,697 | 1,596,742 | 2,108,697 |
| | **Bain:** | | | | |
| K. | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | 52,225 | 47,917 | 30,280 |
| | **Glanchaiteachas** | | | | |
| | *Bunúil* | 1,609,471 | | | |
| | *Forlíontach* | 1 | | | |
| | | | 1,609,472 | 1,548,825 | 2,078,417 |
| | **Barrachas don bhliain** | | | €60,646,675 | €99,187,749 |
| | **Tabhairt suas a iarchur** | | | €34,000,000 | — |
| | **Farasbarr le tabhairt suas** | | | €26,646,675 | €99,187,749 |

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas ar an gCostas Oibriúcháin 2011

| | Nóta | €000 | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|---|---|
| Caiteachas ar riarachán | | | 62,174 | 79,603 |
| Caiteachas ar sheirbhísí agus ar chláir | | | 1,534,568 | 2,029,094 |
| **Ollchaiteachas** | | | 1,596,742 | 2,108,697 |
| Bain | | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | | 47,917 | 30,280 |
| **Glanchaiteachas** | | | 1,548,825 | 2,078,417 |
| | | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | | |
| Ceannacháin airgid | | (904) | | |
| Dímheas | | 3,745 | | |
| Diúscairtí airgid | | — | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | | 11 | 2,852 | 2,972 |
| | | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní atá á bhforbairt** | | | | |
| Íocaíochtaí airgid | | | (17) | (96) |
| | | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | | 3,424 | | |
| Méadú ar stoc | | (91) | | |
| | | | 3,333 | (5,497) |
| **Caiteachas díreach** | | | 1,554,993 | 2,075,796 |
| | | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara | 1.1 | | 22,025 | 19,959 |
| Cíosanna barúlacha | | | 2,565 | 3,633 |
| **Iomlán na gcostas oibriúcháin** | | | **1,579,583** | **2,099,388** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna measta seo a leanas maidir le Vóta 25 a tabhaíodh in áit eile.

| Vóta | | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|---|
| 7 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 16,430 | 16,238 |
| 10 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 5,198 | 3,323 |
| 20 | An Garda Síochána | 62 | 192 |
| | An Príomh-Chiste – Pinsin na nAirí, srl. | 335 | 206 |
| | | **22,025** | **19,959** |

## 2 Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2011

| | Nóta | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 28,851 | 66,668 |
| **Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt** | 2.2 | 35 | 18 |
| | | **28,886** | **66,686** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead | 2.3 | 37,030 | 3,468 |
| Stoic | 2.4 | 441 | 350 |
| Réamhíocaíochtaí | | 2,413 | 8,434 |
| Ioncam fabhraithe | | 5,905 | 956 |
| Iarmhéideanna eile dochair | 2.5 | 976 | 2,167 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **46,765** | **15,375** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | | 2,748 | 1,371 |
| Ioncam iarchurtha | | 1,058 | 1 |
| Iarmhéideanna eile creidmheasa | 2.6 | 3,684 | 4,807 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.7 | 34,322 | 828 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **41,812** | **7,007** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **4,953** | **8,368** |
| **Glansócmhainní** | | **33,839** | **75,054** |
| **Arna léiriú le:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | | **33,839** | **75,054** |

## 2.1 Ráiteas ar Shócmhainní Caipitil

| | Talamh agus foirgnimh €000 | Gléasra, innealra agus mótarfheithiclí €000 | Trealamh oifige agus IT €000 | Troscán agus feistis €000 | Iomlán €000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Ollsócmhainní** | | | | | |
| Costas nó luacháil amhail an 1 Eanáir 2011 | 33,094 | 9,189 | 78,220 | 6,541 | 127,044 |
| Coigeartuithe na bliana roimhe[1] | 238 | (49) | (5,210) | (711) | (5,732) |
| Breiseanna | — | — | 957 | 29 | 986 |
| Diúscairtí | — | — | (358) | — | (358) |
| Aistrithe chuig an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta | (33,272) | (8,975) | (708) | (2,622) | (45,577) |
| Aistrithe ón Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta | — | 41 | 1,635 | 111 | 1,787 |
| Costas nó luacháil amhail an 31 Nollaig 2011 | 60 | 206 | 74,536 | 3,348 | 78,150 |
| **Dímheas carntha** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2011 | 36 | 6,778 | 50,085 | 3,477 | 60,376 |
| Coigeartuithe na bliana roimhe[1] | 4 | (1) | (7,629) | (345) | (7,971) |
| Dímheas don bhliain | 1 | 12 | 3,593 | 139 | 3,745 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | — | (347) | — | (347) |
| Dímheas ar aistrithe chuig an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta | (19) | (6,648) | (529) | (560) | (7,756) |
| Dímheas ar aistrithe ón Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta | — | 12 | 1,185 | 55 | 1,252 |
| Dímheas carnach amhail an 31 Nollaig 2011 | 22 | 153 | 46,358 | 2,766 | 49,299 |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2011[2]** | **38** | **53** | **28,178** | **582** | **28,851** |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2010** | **33,058** | **2,411** | **28,135** | **3,064** | **66,668** |

[1] Le luacháil is cruinne na sócmhainní a léiriú i gceart, theastaigh coigeartuithe do chostas nó do luacháil na n-ollsócmhainní ag 1 Eanáir 2011, agus don dímheas carntha ag 1 Eanáir 2011.

[2] I Mí Mheithimh 2012, síníodh conradh do bhaint agus do dhiúscairt an trealaimh vótála leictreonaigh, le luach de réir na leabhar de €24.51 milliún, ag déanamh soláthair d'íocaíocht de €70,267 ag an bhforthairgeoir rafar, faoi réir ag deimhniú chainníocht na míreanna a bhí i gceist. Léireofar é seo i Ráiteas an Chostais Oibriúcháin sa Chuntas Leithreasa do 2012.

## 2.2 Ráiteas ar Shócmhainní Caipitil atá á bhForbairt

amhail an 31 Nollaig

| | €000 |
|---|---|
| Suimeanna tugtha ar aghaidh amhail an 1 Eanáir 2011 | 18 |
| Íocaíochtaí airgid don bhliain | 17 |
| Aistrithe chuig an gclár sócmhainní | — |
| Suimeanna tugtha ar aghaidh amhail an 31 Nollaig 2011 | 35 |

## 2.3 Banc agus Airgead

amhail an 31 Nollaig

| | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|
| Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim | 37,049 | 4,684 |
| Orduithe gan Íoc | (19) | (1,216) |
| | 37,030 | 3,468 |

## 2.4 Stoic

amhail an 31 Nollaig

| | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|
| Ábhair inchaite mheitéareolaíochta | 323 | 61 |
| Stáiseanóireacht | 58 | 58 |
| Ábhar inchaite IT | 52 | 81 |
| Eile | 7 | 140 |
| Ábhair ghlantacháin | 1 | 10 |
| | 441 | 350 |

## 2.5 Iarmhéideanna Eile Dochair

amhail an 31 Nollaig

| | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|
| Óinchistí | 8 | 9 |
| Airleacain don OPW | — | 121 |
| Costais tuarastail in-fhorchúitithe | 146 | 205 |
| Costais taistil in-fhorchúitithe | 42 | 40 |
| Scéim pas taistil in-fhorchúitithe | 120 | 167 |
| Míreanna eile dochair atá ar fionraí | 660 | 1,625 |
| | 976 | 2,167 |

## 2.6 Iarmhéideanna Eile Sochair

amhail an 31 Nollaig

| | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 940 | 820 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | 278 | 556 |
| Cáin Shiarchoinneálach | 224 | 471 |
| Cáin Bhreisluacha | 329 | 647 |
| Ranníocaíochtaí Pinsin | 282 | 376 |
| | 2,053 | 2,870 |
| Míreanna eile creidmheasa fionraí | 1,631 | 1,937 |
| | 3,684 | 4,807 |

## 2.7 Glandliteanas don Státchiste

| amhail an 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Farasbarr le tabhairt suas | 26,647 | 99,188 |
| Tabhairt suas a iarchur | 34,000 | — |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (26,325) | (98,360) |
| Glandliteanas don Státchiste | 34,322 | 828 |
| **Arna léiriú le:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Glanstaid PMG agus airgead | 37,030 | 3,468 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 976 | 2,167 |
| | 38,006 | 5,635 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (2,053) | (2,870) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (1,631) | (1,937) |
| | (3,684) | (4,807) |
| | 34,322 | 828 |

## 2.8 Dliteanais Aibithe

| | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Meastachán ar dhliteanais aibithe nár urscaoileadh amhail an 31 Nollaig | 1 | 18 |

## 2.9 Ceangaltais

**(a) Ceangaltais dhomhanda**

Is iad na figiúirí domhanda do cheangaltais a mheastar a thiocfaidh chun cinn sa bhliain/sna blianta amach romhainn faoi fhotheidil soláthair agus deontais ná €117,901 agus €1,170,039,952 faoi seach.

**(b) Ceangaltais chaipitil ilbhliantúla**

(Tionscadail lena mbaineann costas €12,697,380 nó níos mó)

| **1 Tionscadail Uisce/Séarachais** | **Caiteachas carnach anuas go dtí an 31 Nollaig 2010** | **Caiteachas in 2011** | **Blianta ina dhiaidh sin** | **Costas iomlán** |
|---|---|---|---|---|
| **Tionscadal** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Scéim Soláthair Uisce an Inbhir Mhóir[1] | 5,581 | 2,199 | 12,032 | 19,812 |
| Scéim Séarachais Chill Dhéagláin/Ráth Tó/Chill Bhríde[2] | 12,349 | — | 3,113 | 15,462 |
| Scéim Séarachais Bhéal an Átha | 17,980 | — | 748 | 18,728 |
| Scéim Soláthair Uisce Bhaile Chúlainn (3 ghné le chéile)[1] | 61,324 | 2,353 | 1,858 | 65,535 |
| Ionad Cóireála Uisce an Bhaile Mhóir, Céim 3[1] | 62,965 | 12,456 | 10,224 | 85,645 |

| **1 Tionscadail Uisce/Séarachais** | **Caiteachas carnach anuas go dtí an 31 Nollaig 2010** | **Caiteachas in 2011** | **Blianta ina dhiaidh sin** | **Costas iomlán** |
|---|---|---|---|---|
| **Tionscadal** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Scéim Soláthair Uisce Bhéal Átha Seanaidh[1] | 2,260 | 441 | 11,206 | 13,907 |
| Scéim Astarraingthe na Bearú | 7,313 | 7,028 | 11,402 | 25,743 |
| Scéim Soláthair Uisce an Bhóthair Bhuí[1] | 30,467 | 2,999 | 848 | 34,314 |
| Scéim Séarachais Bhré agus Sheangánaigh[1,3] | 60,604 | 7,948 | 136 | 68,688 |
| Draenáil Uisce Dromchla Bhaile Cheatharlach (Príomhscéim)[1] | 5,279 | 7,047 | 6,188 | 18,514 |
| Scéim Soláthair Uisce Charna/Chill Chiaráin | 12,448 | — | 569 | 13,017 |
| Scéim Séarachas Cheantair Máguaird Chaisleáin an Bharraigh (gan réamhscéim ná sruth éalaithe san áireamh) | 41,330 | — | 843 | 42,173 |
| Scéim Séarachais Chaisleán Uí Chonaill | 13,438 | 2,000 | 398 | 15,836 |
| Séarachas Bhaile na Cúirte-Shéipéal na hAbhann[1] | 19,619 | 805 | 224 | 20,648 |
| Ionad Cóireála Fuíolluisce Bhá Dhún na nGall - Grúpa A (conradh DBO) | 26,143 | — | 1,841 | 27,984 |
| Séarachas Chuan Bhaile Átha Cliath[1] | 434,291 | 11,812 | 4,891 | 450,994 |
| Tionscadal Athshlánaithe Príomhlíonra Uisce Réigiún Bhaile Átha Cliath (nó Caomhnú Uisce Bhaile Átha Cliath Tionscadal C: Athshlánúchán – Céim Fhadtéarmach Tráinse 2)[2] | 5,419 | 10,407 | 8,679 | 24,505 |
| Caomhnú Uisce Bhaile Átha Cliath (DRWRP)[1] | 33,961 | 3,233 | 21,204 | 58,398 |
| Séarachas Dhún Garbhán | 31,162 | 98 | 1,134 | 32,394 |
| Scéim Soláthair Uisce Dhún Seachlainn [1] | 13,244 | — | 330 | 13,574 |
| Scéim Soláthair Uisce Iarthar Phort Láirge, Céim 2[1] | 15,873 | 259 | 518 | 16,650 |
| Ceithre Scéim Soláthair Réigiúnacha Uisce Ros Comáin | 10,723 | 98 | 29,378 | 40,199 |
| Beart DBO na Gaillimhe, Uimh. 2[1,3] | 6,477 | 9,565 | 1,272 | 17,314 |
| Scéim Soláthair Uisce Réigiúnach Ghuaire[1] | 11,430 | 2,175 | 5,168 | 18,773 |
| Ionad Cóireála Sloda Chill Dara | 16,080 | — | 1,004 | 17,084 |
| Straitéis Soláthair Uisce Chill Dara, Céim 1 – Príomh-thrunclíonra uisce[1,3] | 14,831 | — | 503 | 15,334 |
| Scéim Séarachais na gCeall Beag | 5,221 | 13,178 | 1,590 | 19,989 |
| Scéim Séarachais Chionn tSáile[1] | 17,519 | 1,852 | 2,561 | 21,932 |
| Scéim Séarachais Bhailte agus Shráidbhailte Liatroma (9 sráidbhaile)[1] | 17,347 | — | 4,819 | 22,166 |
| Scéim Séarachais Leitir Ceanainn | 14,453 | 14,530 | 5,235 | 34,218 |
| Príomhdhraenáil Luimnigh (Céimeanna 1, 2 agus 3) bailiúchán agus cóireáil[1] | 331,110 | 4,357 | 280 | 335,747 |
| Gréasán Uisce Luimnigh (an Príomhlíonra Theas Cathair agus Contae) | 12,979 | 240 | 248 | 13,467 |

| **1 Tionscadail Uisce/Séarachais** | **Caiteachas carnach anuas go dtí an 31 Nollaig 2010** | **Caiteachas in 2011** | **Blianta ina dhiaidh sin** | **Costas iomlán** |
|---|---|---|---|---|
| **Tionscadal** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Soláthar Uisce Réigiúnach Loch Measca (Cnoc Mhuire/Béal Átha hAmhnais) | 30,421 | — | 650 | 31,071 |
| Scéim Séarachais Ghleann na Life Íochtarach (ionad cóireála agus córas bailiúcháin do Chill Choca, Teach Srafáin, Cill Droichid, Maigh Nuad agus Léim an Bhradáin) | 13,961 | — | 3,774 | 17,735 |
| Scéim Séarachais do Bhailte agus do Shráidbhailte Grúpáilte na Mí[1] | 46,949 | 3,586 | 630 | 51,165 |
| Scéim Séarachais Mhainsitir na Corainn | 26,220 | — | 77 | 26,297 |
| Scéim Feabhsúcháin Séarachais an Mhuilinn Chearr | 37,041 | — | 103 | 37,144 |
| Soláthar Uisce na hUaimhe-na Mí Láir[1] | 24,139 | — | 1,006 | 25,145 |
| Scéim Séarachais na hUaimhe | 32,766 | — | 491 | 33,257 |
| Scéim Séarachais Ros Mhic Thriúin[1] | 12,857 | 1,361 | 282 | 14,500 |
| Príomhdhraenáil Phort Laoise[1] | 45,075 | 2,633 | 510 | 48,218 |
| Ionad Cóireála Uisce Phort Reachrann, Dhomhnach Bat, an Rois agus Lusca[1] | 21,786 | 10,766 | 807 | 33,359 |
| SS Bhailte agus Shráidbhailte Ros Comáin (17 sráidbhaile), cuireadh tús le hobair ar cheithre cinn – an Chríoch, Uachtar Thíre, Tuilsce & Lios an Choill)[1] | 14,502 | 2,919 | 1,435 | 18,856 |
| Scéim Soláthair Uisce Ardleibhéal Áth an Ghainimh[1,3] | 15,109 | — | 544 | 15,653 |
| Ionad Cóireála Fuíolluisce Shligigh (conradh DBO)[1] | 18,642 | 487 | 312 | 19,441 |
| DBO agus Ionaid Ghrúpáilte Chóireála Fuíolluisce Thiobraid Árann[1] | 16,809 | — | 1,581 | 18,390 |
| Soláthair Uisce Réigiúnach Thuama Staid 3 | 16,815 | — | 520 | 17,335 |
| Scéim Soláthair Réigiúnaigh Uisce Thuama Síneadh go hÁth Cinn | 14,989 | — | 228 | 15,217 |
| Scéim Uisce agus Séarachais Thuama, Conradh[1] | 10,976 | 9,720 | 837 | 21,533 |
| Scéim Séarachais Thulach Mhór, Conradh DBO[1] | 8,098 | 11,044 | 120 | 19,262 |
| Scéim Séarachais do Bhailte agus do Shráidbhailte Grúpáilte Phort Láirge (Aird Mhór, Tulach an Iarainn, an tSráidbhaile, Ceapach Choinn, Dún Mór, Coill Mhic Thomáisín agus an Baile Dubh/Cill Mhíodáin)[2] | 11,338 | 786 | 1,625 | 13,749 |

| 1 Tionscadail Uisce/Séarachais | Caiteachas carnach anuas go dtí an 31 Nollaig 2010 | Caiteachas in 2011 | Blianta ina dhiaidh sin | Costas iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Tionscadal** | | | | |
| Scéim Séarachais Phort Láirge, Céim 2[1] | 47,373 | 6,118 | 219 | 53,710 |
| Soláthar Uisce agus Scéim Séarachais an Choireáin[2] | 8,804 | 755 | 3,464 | 13,023 |
| Scéim Séarachais Chathair na Mart (gan an réamhchuid san áireamh) | 49,925 | — | 662 | 50,587 |
| Scéim Séarachais Chill Mhantáin (Lintéar Phlás Wentworth)[1] | 23,433 | 315 | 708 | 24,456 |
| Iomlán | 1,919,248 | 167,570 | 171,029 | 2,257,847 |

**2 Tionscadal Tithíochta**

| Tionscadail Tógála | €000 | €000 | €000 | €000 |
|---|---|---|---|---|
| Baile Gadaí, Céim E, Leamhcán, Contae Bhaile Átha Cliath[1] | 15,936 | 403 | 719 | 17,058 |
| Carraig Phiarais Uachtarach, Céim 3, Cathair Phort Láirge | 17,766 | 826 | 371 | 18,963 |
| Baile Uí Fhoirtcheirn, Céim B1, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24[1] | 14,690 | 1,167 | 543 | 16,400 |
| Baile Uí Fhoirtcheirn, Céim B2, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24[1] | 23,037 | 224 | — | 23,261 |
| Cnoc an Ghúlaigh, Mala, Co. Chorcaí[1] | 22,146 | — | 1,116 | 23,262 |
| Coill an Chnocáin, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath[1] | 16,847 | — | 151 | 16,998 |
| Sráid an Phiarsaigh, an Naigín, Co. Bhaile Átha Cliath[1] | 13,799 | — | 160 | 13,959 |
| Baile Riocaird, Droichead Nua, Co. Chill Dara[1] | 24,849 | — | 675 | 25,524 |
| Seanchill, Céim 2, Co. Bhaile Átha Cliath[1] | 26,517 | 1,210 | — | 27,727 |
| Páirc na bhFianna, Baile Mhistéil, Corcaigh[1] | 14,164 | 1,620 | — | 15,784 |
| Iomlán | 189,751 | 5,450 | 3,735 | 198,936 |

| Tionscadail Lándéanta | €000 | €000 | €000 | €000 |
|---|---|---|---|---|
| Carraig an Earra, Baile an Chollaigh, Co.Chorcaí | 15,498 | — | 930 | 16,428 |
| Bóthar na mBuaircíní, Cathair Chorcaí[1] | 15,102 | — | 163 | 15,265 |
| Iomlán | 30,600 | — | 1,093 | 31,693 |

| **Tionscadail Athbheochana** | **Caiteachas carnach anuas go dtí an 31 Nollaig 2010** | **Caiteachas in 2011** | **Blianta ina dhiaidh sin** | **Costas iomlán** |
|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Bóthar Bhun Raite, Maisonettes, Cathair Bhaile Átha Cliath | 13,753 | — | 724 | 14,477 |
| Cnoc na hAoine, Bloc D, Cathair Chorcaí[1,3] | 33,332 | — | 2,668 | 36,000 |
| Ascaill an Labhrais, Dún Laoghaire | 15,050 | 1,072 | — | 16,122 |
| Áras Lourdes, Cathair Bhaile Átha Cliath | 17,963 | 329 | 469 | 18,761 |
| Rae na Poibleoige, Cathair Bhaile Átha Cliath | 16,499 | — | 677 | 17,176 |
| Athbheochan Árasáin Bhaile Munna[1] | 685,960 | 20,519 | 51,000 | 757,479 |
| Áras Sheáin Uí Threasaigh, Cathair Bhaile Átha Cliath | 10,880 | 2,289 | 337 | 13,506 |
| An Gleann, Céim 2, Cathair Chorcaí[1] | 8,010 | 3,789 | 6,167 | 17,966 |
| Iomlán | 801,447 | 27,998 | 62,042 | 891,487 |

| **Tithíocht Dheonach** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
|---|---|---|---|---|
| Respond, Achadh an Tobair, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24 | 18,654 | 2,414 | 1,613 | 22,681 |
| An Cumann Caitliceach um Chúnamh Tithíochta, Áras an Athar Uí Scolaidhe, Sráid Grenville, Baile Átha Cliath 1 | — | 1,238 | 15,391 | 16,629 |
| Respond, Clochar na Páirce Airde, Bóthar Pháirc na nGrás, Baile Átha Cliath 9[2] | 12,662 | — | 284 | 12,946 |
| | 31,316 | 3,652 | 17,288 | 52,256 |

**3 An Ciste Carbóin**

| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
|---|---|---|---|---|
| Ceannach creidmheasanna carbóin[1] | 112,869 | 4,140 | 3,160 | 120,169 |

***Nótaí:***

[1]Costas an tionscadail nuashonraithe ó 2010.

[2] Fágtha ar lár ó chuntas 2010 mar go raibh costas measta na scéime ag an am faoi €12.7m.

[3]Caiteachas carnach anuas go dtí an 31 Nollaig 2010 nuashonraithe.

**(c) Tionscadail Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí (CPP) na Seirbhísí Uisce**

Is minic a bhíonn tionscadail CPP a bhaineann le seirbhísí uisce i bhfoirm conarthaí le seirbhísí a Dhearadh, a Thógáil agus a Oibriú (DBO) d'ionad cóireála uisce nó fuíolluisce. Bíonn an conradh DBO idir an t-údarás áitiúil agus an comhpháirtí earnála príobháidí. Maoiníonn an Roinn céatadán de chostas caipitil an chonartha trí mhéan íocaíochta deontais a íoctar don údarás áitiúil le linn tréimhse thógála (a mhaireann 24-30 mí, go minic) an ionaid chóireála. Íoctar eilimint oibriúcháin agus chothabhála an DBO go díreach ag an údarás áitiúil don chomhpháirtí earnála príobháidí. Ní dhéanann an Roinn aon íocaíochtaí aonadacha don údarás áitiúil nó don chomhpháirtí earnála príobháidí thar théarma an chonartha agus ní bhíonn aon cheangaltas caipitil i gceist don Roinn tar éis na céime tógála.

# 3 Athruithe ar Chaiteachas

## 3.1 Míniú ar athruithe suntasacha

Tugtar míniú thíos maidir le gach fotheideal caiteachais a raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim a soláthraíodh agus breis is 5% amach ón tsuim a soláthraíodh (25% i gcás na bhfotheideal riaracháin).

Sa chuid dheireanach de 2011, bunaithe ar anailís ar threochtaí caiteachais agus ar athbhreithniú iomlán ar riachtanais 2011, agus tar éis dul i gcomhairle leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, d'aistrigh an Roinn, tríd an bpróiseas bunaithe maidir le meastachán vírminte/forlíontach, coigiltis a tháinig chun cinn ar fhotheidil éagsúla chun cur le forálacha eile fotheidil d'fhonn freastal a dhéanamh ar na riachtanais shainaitheanta bhreise in 2011.

| **Fo-theideal** | **Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh**<br>**€000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| A.3. | 690 | Bhí coigilteas ann de bharr comhdhlúthú cóiríocht oifige, roinnt costas le comhthionóntaí agus caiteachas ní ba lú ná mar a rabhthas ag súil leis ar oiliúint foirne. |
| A.5. | 2,859 | Bhí coigilteas ann de bharr ath-idirbheartaíochta maidir le conarthaí bogearraí, athruithe ar sholáthraithe seirbhíse agus iarchur tionscadal ar leith TFC. |
| A.6. | 301 | Bhí an caiteachas ní ba lú ná mar a rabhthas ag súil leis de bharr laghdú ar líon na bhfoirne sa Roinn agus chomhdhlúthú gaolmhar oifigí Bhaile Átha Cliath. |
| A.7. | 250 | Bhí an caiteachas teoranta do líon teoranta tionscadal, rud a bhí ina ábhar le coigilteas san iomlán. |
| B.1. | 31,317 | Bhí coigilteas ann de bharr nach ndearnadh an oiread dul chun cinn ar an Scéim Dheonach Chúnaimh um Chaipiteal Tithíochta agus a rabhthas ag súil leis. |
| B.2. | 21,523 | Bhí an caiteachas ní ba lú ná mar a rabhthas ag súil leis de bharr nach ndearnadh an oiread dul chun cinn ar roinnt tionscadal faoi mar a beartaíodh le linn na bliana. |
| F.1. | (11,000) | Cuireadh maoiniú breise ar fáil chun cúnamh a thabhairt d'údaráis áitiúla le costais bhreise a d'éirigh as tuile thromchúiseach i roinnt ceantar agus le riachtanais chomhlíonta chomhshaoil a bhaint amach. |
| F.2. | (1,000) | Bhí an caiteachas ní b'airde ná mar a rabhthas ag súil leis de bharr an dul chun cinn a rinne údaráis áitiúla i dtaca le tógáil/uasghrádú stáisiún dóiteáin, soláthar fearas dóiteáin agus soláthar trealamh ilghnéitheach. |
| F.4. | (410) | De bharr chríoch na scéim ábhartha in 2011, cuireadh luas faoin obair ar thionscadail. Dá bhrí sin, bhí méadú mór ar éilimh maidir le híocaíocht le húdaráis áitiúla. |
| F.6. | 282 | Thóg sé níos mó ama ná mar a rabhthas ag súil leis le tionscadail a roghnú agus le conarthaí a bhronnadh. Dá bhrí sin, níor caitheadh an méid airgid agus a rabhthas ag súil leis in 2011. |
| G.3. | 895 | Bhí coigilteas ann de bharr go raibh caiteachas comhlachtaí poiblí eile le cómhaoiniú faoin scéim ní ba lú ná mar a rabhthas ag súil leis. |

| Fotheideal | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| G.4. | 304 | Bhí coigilteas ann de bharr nár aibigh roinnt dliteanais mheasta le linn na bliana. |
| H.1. | (895) | Soláthraíodh maoiniú breise don Bhord Pleanála chun freastal ar chaiteachas méadaithe a bhain le costais dlí agus scor comhaltaí Boird, agus easnaimh a d'eascair as ioncam táille laghdaithe. |
| H.2. | (667) | Bhí na costais dlí le híoc ag an mBinse ní b'airde ná mar a rabhthas ag súil leo in 2011. |
| H.5. | 984 | Bhí an caiteachas i leith costais dlí, luachálacha agus teagmhas ní ba lú ná mar a rabhthas ag súil leis. |
| I.3. | 14,462 | Bhí coigilteas ann de bharr go raibh na Grúpaí Áitiúla Gníomhaíochta a sheachadann an clár ní ba mhoille ag caitheamh airgid ar thionscadail ná mar a rabhthas ag súil leis. |
| J.2. | (3,606) | Bhí an caiteachas ar an gClár um Shíocháin agus Athmhuintearas ní ba mhó ná mar a rabhthas ag súil leis de bharr riachtanais agus ceanglais bhreise a bhí le comhlíonadh in 2011. |

## 3.2 Comparáid chaiteachais d'aistriú na bhfeidhmeanna

Léiríonn an clár thíos an caiteachas iomlán do gach fotheideal a bhain le Tacú le Pobail agus le Forbairt Tuaithe, ar chuid den Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta iad (Vóta 27) go dtí gur aistríodh na feidhmeanna seo chuig an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (Vóta 25) le feidhm ó 1 Bealtaine 2011.

| Cur síos fotheideal | | 2011 | | | 2010 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Vóta 27 €000 | Vóta 25 €000 | Iomlán €000 | Iomlán €000 |
| **Tacú le Pobail** | | | | | |
| G.1. | Tacaíochtaí don earnáil phobail agus dheonach (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 3,514 | 6,490 | 10,004 | 11,567 |
| G.2. | Cláir forbartha áitiúla agus pobail (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 28,976 | 33,469 | 62,445 | 67,454 |
| G.3. | RAPID | 706 | 1,563 | 2,269 | 6,067 |
| G.4. | Bearta na gcuntas díomhaoin | 1,131 | 1,639 | 2,770 | 6,814 |
| **Forbairt Tuaithe** | | | | | |
| I.1. | Coimisiún Forbartha an Iarthair | 895 | 563 | 1,458 | 2,175 |
| I.2. | Scéimeanna Náisiúnta forbartha tuaithe | 412 | 2,985 | 3,397 | 10,427 |
| I.3. | LEADER – Fochlár geilleagar tuaithe 2007-2013 | 8,928 | 38,610 | 47,538 | 44,271 |

# 4 Fáltais

| 4.1 Leithreasaí i gCabhair | 2011 Measta €000 | 2011 Réadaithe €000 | 2010 Réadaithe €000 |
|---|---:|---:|---:|
| 1. Táillí iníoctha ag údaráis áitiúla, srl., chun a gcuid cuntas a iniúchadh | 2,060 | 2,499 | 2,601 |
| 2. Fáltas ón gCiste Árachais Shóisialaigh i leith áitreabh atá in úsáid i ndáil le hÁrachas Sóisialach (an tAcht Leasa Shóisialaigh [Comhdhlúthú] 2005) | 741 | 741 | 741 |
| 3. Fáltais MET Éireann | 9,100 | 9,332 | 9,506 |
| 4. Fáltais Ilghnéitheacha | 175 | 364 | 200 |
| 5. Fáltais do Chuntais Dhíomhaoine | 282 | — | 719 |
| 6. Fáltais Imeall Trá | 2,000 | 2,192 | 7,935 |
| 7. Scéimeanna Forbartha Tuaithe | 3,877 | 4,366 | — |
| 8. Cláir LEADER, INTERREG agus Peace | 2,000 | 2,296 | — |
| 9. Cuntais Dhíomhaoine – riarachán | 900 | 938 | — |
| 10. Cuntais Dhíomhaoine – caiteachas cláir | 2,000 | 1,441 | — |
| 11. Leader – Fochlár geilleagar tuaithe 2007-2013 | 23,185 | 17,208 | — |
| 12. Fáltais ó laghdú a bhaineann le pinsin ar luach saothair seirbhíse poiblí | 5,905 | 6,540 | 7,562 |
| *- Cíosanna (lena n-áirítear fáltais ó chearta iascaireachta a ligean, srl.)* | — | — | *177* |
| *- Díolachán réadmhaoine* | — | — | *44* |
| *- Seirbhísí agus táillí ag Láithreacha na bpáirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra* | — | — | *795* |
| **Iomlán** | **52,225** | **47,917** | **30,280** |

**Míniú ar athruithe suntasacha**

Tugtar míniú thíos maidir le gach teideal ina raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó ná an tsuim a soláthraíodh agus breis is 5% amach ón tsuim a soláthraíodh.

| Teideal | Níos lú/(níos mó) ná an tsuim mheasta €000 | Míniú |
|---|---|---|
| 1. | (439) | Eisítear éilimh ar tháillí iniúchta ar bhonn leanúnach de réir mar a chuirtear iniúchtaí i gcrích. Bhí an t-ioncam ní b'airde ná mar a rabhthas ag súil leis toisc go bhfuarthas táillí gan íoc. |
| 4. | (189) | Is deacair il-leithreasaí i gcabhair a mheas. |
| 5. | 282 | Baineann an leithreas i gcabhair seo le cúiteamh ó Chiste na gCuntas Díomhaoin d'aon chaiteachas a tháinig chun cinn faoi fhotheideal F.6. Ní raibh aon chaiteachas ó fhotheideal F.6. in 2011 agus ní raibh aon fhorchúiteamh dá bharr. |
| 6. | (192) | Is deacair fáltais imeall trá a thuar go cruinn. |
| 7. | (489) | Bhí fáltais ó chistí an Aontais Eorpaigh ní b'airde ná mar a rabhthas ag súil leo. |
| 8. | (296) | Bhí fáltais ó chistí an Aontais Eorpaigh ní b'airde ná mar a rabhthas ag súil leo. |
| 10. | 559 | Bhí easnamh ar fháltais de bharr go raibh moill ar thosú tionscadal áirithe. |
| 11. | 5,977 | Baineann an leithreasú i gcabhair seo le caiteachas ó fhotheideal I.3., atá á chómhaoiniú ag an Aontas Eorpach. Sa chás seo, bhí caiteachas ó fhotheideal I.3. ní ba lú ná mar a rabhthas ag súil leis in 2011. |
| 12. | (635) | Bhí sé deacair ioncam ón bhfoinse seo a thuar go cruinn. |

## 4.2 Fáltais bhreise le híoc leis an Státchiste

B'ionann suim na bhfáltas ilghnéitheach a bhí iníoctha go díreach leis an Státchiste agus €1,208,453. Bhain siad seo go príomha le haisíocaíochtaí deontas, ús ón gcuntas bainc a úsáideadh i gcomhair íocaíochtaí leictreonacha, agus fuascailt tionscadal arna mhaoiniú faoin Scéim Dheonach Chúnaimh um Chaipiteal Tithíochta.

# 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana (comhionann le fostaithe lánaimseartha)** | 812 | 1,177 |

| | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|
| Pá | 45,568 | 62,756 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 360 | 410 |
| Liúntais eile | 2,245 | 2,526 |
| Ragobair | 599 | 1,092 |
| PRSI an Fhostóra | 2,363 | 3,540 |
| **Pá iomlán** | **51,135** | **70,324** |

**Tabhair faoi deara:** Áirítear leis an bpá iomlán pá i bhfotheidil A.1. agus H.2.

## 5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht Aonair<br>2011<br>€ | Uasíocaíocht Aonair<br>2010<br>€ |
|---|---|---|---|---|
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 89 | 9 | 19,586 | 20,634 |
| Liúntais eile | 330 | 92 | 22,016 | 21,911 |
| Ragobair | 152 | 18 | 22,098 | 21,624 |

**Tabhair faoi deara:**Fuair daoine áirithe luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin.

## 5.2 Socruithe Eile maidir le Luach Saothair

Athfhostaíodh cúig státseirbhíseach ar scor a bhí ag fáil pinsean státseirbhíse ar bhonn táille ag costas €25,921 san iomlán.

# 6 Ilghnéitheach

## 6.1 Maoiniú ón AE

Áirítear sa toradh a thaispeántar i bhfotheidil C.1. agus J.2. íocaíochtaí i leith gníomhaíochtaí arna gcómhaoiniú ag Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa. Áirítear sa toradh a thaispeántar i bhfotheidil I.3. íocaíochtaí i leith gníomhaíochtaí arna gcómhaoiniú ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe. Bhí meastacháin ar chaiteachas agus ar thorthaí iarbhíre mar seo a leanas:

| **Fo-theideal** | **Cur Síos** | **2011** | **2011** | **2010** |
|---|---|---|---|---|
| | | **Meastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| C.1. | Clár infheistíochta seirbhísí uisce | 6,177 | 5,288 | 5,000 |
| I.3. | Leader – Fochlár geilleagar tuaithe 2007-2013 | 38,002 | 17,208 | — |
| J.2. | Seirbhísí ilghnéitheacha | 3,983 | 8,493 | 8,140 |
| — | *Oidhreacht thógtha* | — | — | *783* |
| — | *Oidhreacht nádúrtha (an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra)* | — | — | *502* |
| | | **48,162** | **30,989** | **14,425** |

## 6.2 Coimisiúin agus Fiosrúcháin

| | **Bliain an Cheaptha** | **Caiteachas carnach anuas go deireadh 2011** | **2011 Toradh** | **2010 Toradh** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Binse Fiosrúcháin ar nithe áirithe Pleanála [Binse Mahon (Binse Flood roimhe seo)] | 1997 | 97,352 | 4,137 | 3,281 |

Déanfar tuilleadh íocaíochtaí ag baint leis an mBinse Fiosrúcháin faoi Chúrsaí Pleanála áirithe (Binse Mahon (a dtugtaí Binse Flood air roimhe)). Ní féidir na costais deiridh a chinneadh ag an bpointe seo go dtí go ndéanfar costais dhlíthiúla tríú páirtí a chinneadh i dtaca leis an tréimhse ó bhí 2002 ann. Ba é an caiteachas go deireadh 2011 ná €97m; i Mí na Bealtaine 2012, mheas an Binse gurbh fhéidir go n-eascródh costais bhreise de €99m go príomha maidir le hionadaíocht dlí tríú páirtí.

## 6.3 Íocaíochtaí iomarcaíochta

Rinneadh ollíocaíochtaí €77,960, laistigh de théarmaí cheadú na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, maidir le hiomarcaíocht reachtúil a d'éirigh as bunú an Chláir Forbartha Áitiúla agus Pobail agus as an struchtúr comhtháite seachadta a bhain leis. Ba é glan-ranníocaíocht na Roinne seo €31,184. Aisíocadh an t-iarmhéid de €46,776 ón gCiste Árachais Shóisialaigh tríd an Roinn Coimirce Sóisialaí.

## 6.4 Maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta

| Fotheideal | Cur Síos | 2011 Meastachán €000 | 2011 Toradh €000 | 2010 Toradh €000 |
|---|---|---|---|---|
| B.1. | Soláthar agus tacaíocht do thithíocht shóisialta (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 2,000 | 2,000 | 3,500 |
| B.3. | Oiriúnú tithe príobháideacha – deontais agus tacaíochtaí eile (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 6,375 | 6,375 | 6,688 |
| G.1. | Tacaíochtaí don earnáil phobail agus dheonach (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 4,430 | 4,430 | — |
| G.2. | Cláir forbartha áitiúla agus pobail (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 5,915 | 5,915 | — |
| — | *Deontas don Chomhairle Oidhreachta (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta)* | — | — | *6,742* |
| | | **18,720** | **18,720** | **16,930** |

Tá sonraí ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne ag www.environ.ie

## 6.5 Costais Dlí

Rinneadh íocaíocht €231,917 i ndáil lena ndearna an Roinn seo i dtaobh shocrú an athbhreithnithe bhreithiúnaigh san Ard-Chúirt maidir le toilithe a bhain le Píblíne Gháis na Coiribe, lenar áiríodh an ceadúnas imeall trá a cheadaigh an tAire (ceadú na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, an 9 Márta 2011).

Rinneadh íocaíocht €113,165 mar shocrú i ndáil le costais dlí a tabhaíodh i gcaingean Ard-Chúirte a glacadh in aghaidh an Stáit, an Aire, an Bhoird Pleanála, Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus an Ard-Aighne. Ba é an chloch ba mhó ar phaidrín na Roinne leorgacht thrasuíomh na Treorach maidir le Rannpháirtíocht an Phobail (ceadú na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, S10/2/75 an 22 Iúil 2011).

Rinneadh íocaíochtaí €60,095 i leith costais dlí i ndáil le hathbhreithnithe breithiúnacha ar an Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004 (ceaduithe na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe S74/45/00, an 22 Feabhra 2011 agus an 14 Deireadh Fómhair 2011).

## 6.6 Dliteanais Theagmhasacha

Tá an Roinn páirteach i roinnt imeachtaí dlíthiúla ar feitheamh ar féidir go nginfear dliteanais dá mbarr, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Tá an tsuim iarbhír nó ionú na ndliteanas a d'fhéadfadh a bheith i gceist neamhchinnte.

### 6.7 Tabhairt anonn an Mhaoinithe

Tugadh anall chuig an mbliain 2012, faoi réir fhorálacha Alt 91 den Acht Airgeadais 2004, €34,000,000 de leithdháileadh neamhchaite i ndáil leis na heilimintí caipitiúla d'fhotheidil B.2., B.3., C.1. agus I.3.

Mar a comhaontaíodh leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin scéim buiséid riaracháin tarmligthe, áiríodh tabhairt anonn €702,000 ón Vóta do 2011 sna Meastacháin do 2012.

### 6.8 Maoiniú na mBailte Slachtmhara

Sa bhreis ar airgead vótáilte €1,000, caitheadh urraíocht agus maoiniú an Chiste Comhshaoil darbh fhiú €553,211 ar Chomórtas na mBailte Slachtmhara.